

## Baile Mhic Gormáin

### 1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Baile Mhic Gormáin suite in oirthear Chontae na Mí 1.2km ón gcósta agus gar don Chonair Idirnáisiúnta M1 Baile Átha Cliath Béal Feirste. Tháinig forbairt ar an mbaile i bpatrún líne le taobh na mbóithre isteach agus timpeall thailte Choláiste Bhaile Mhic Gormáin agus Diméin an Chaisleáin. Is tithe scoite is mó atá ann agus tá an nádúr tuaithe atá leis an gceantar coinnithe den chuid is mó. Cruthaíonn tailte ciúine an Diméin agus an Choláiste timpeallacht shuaimhneach agus tá crainn lánfhásta agus fáлта sceach ag fás ar thaobhanna na mbóithre isteach rud a chuireann leis an láthair tarraingteach.

Tá cion mór de cheantar an Phlean tógtha suas ag Deiméin Chaisleán Bhaile Mhic Gormáin, atáthar a úsáid mar scoil (Coláiste Proinsiasach), mar bhrú agus pháirceanna imeartha. Níor tharla mórán forbartha sa cheantar le blianta gairide agus níl ach fíor-bheagán seirbhísí ann don phobal atá ann. Tá Campa Airm Bhaile Mhic Gormáin suite ó thuaidh ón tsráidbhaile. Cuimsíonn an campa míleata sin thart ar 260 acra agus úsáidtear é le haghaidh traenála aeir-talamh agus aeir-chosanta.

Tá teach tábhairne Gibney's suite ar an taobh thuaidh den tsráidbhaile agus teach altranais Choill Bhaile Mhic Gormáin ar an taobh thoir.

Áit san Ordlathas lonnaithe	Sráidbhaile – Ionad áitiúil le seirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt		
Daonra	2011	2016	% Athrú
	500	375	25% laghdú ar an daonra
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	20 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	1		
Soláthar Tithíochta Foriomlán	121		
Áiseanna Oideachais	Coláiste Bhaile Mhic Gormáin Montessori Bhaile Mhic Gormáin		
Saoráidí Pobail	Teach altranais Choill Bhaile Mhic Gormáin		
Limistéar Caomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	MH028-101 Teachín Ceann Tuí Bhaile Mhic Gormáin 1 MH028-102 Teachín Ceann Tuí Bhaile Mhic Gormáin 2 MH028-103 Caisleán Bhaile Mhic Gormáin MH028-104 Coláiste Bhaile Mhic Gormáin MH028-105 Beechville MH028-106 Beechville MH028-107 Bosca poist MH028-108 Teach Bhaile Mhic Gormáin MH028-109 Baile Mhic Gormáin- Granny stone MH028-110 Teach leath scoite MH028-111 Teach leath scoite		

	MH028-112 Teach MH028-114 Tarbhealach Chnoc na gCeann
<b>Toilleadh Bonneagair</b>	Scéim sholáthar uisce na Mí Thoir/ionad cóireála uisce Staleen-toilleadh teoranta. Níl aon ionad cóireála fuíolluisce ann.
<b>Measúnú Straitéiseach Baol Tuile</b>	Níl MSBT de dhíth. Measúnú Baol Tuile na Mí Plean Forbartha Contae 2013 - 2019.
<b>Láithreáin Natura 2000</b>	Ceann ar bith.
<b>Crios Acmhainneachta Seandálaíochta</b>	Is Crios é seo a bhfuil Féidearthacht Seandálaíochta ag baint leis in aice leis an tsráidbhaile.

## 2.0 Fís

Comhdhlúthú agus neartú a dhéanamh ar lár sainithe an tsráidbhaile chun an nádúr atá le Sráidbhaile Mhic Gormáin a choinneáil agus a chaomhnú. An tábhacht a bhaineann le cáilíocht thimpeallacht agus oidhreacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a aithint, agus, freastal ag an am céanna ar riachtanais gach dream sa phobal áitiúil.

## 3.0 Deiseanna

- Is é an R132 in aice le teach tábhairne Gibney's an príomhbhealach inrochtana ar Bhaile Mhic Gormáin. Tá deis ann feabhas agus slacht a chur ar an gceantar seo le go mbeidh sé soiléir gurb é seo an príomhbhealach isteach chuig an tsráidbhaile.
- Tógadh cosán coisithe le gairid a cheanglaíonn an scoil leis an stad bus agus leis an R132 ó thuaidh agus is rud dearfach é le cur leis an réimse poiblí agus d'fhéadfaí a leithéid a dhéanamh in áiteanna eile sa tsráidbhaile mar aon le háiseanna coisithe breise.
- Tá deis ann chun scrúdú a dhéanamh ar cheangail coisithe chuig an stáisiún traenach agus chuig an gcósta taobh thoir. Tá stáisiún traenach Bhaile Mhic Gormáin scoite amach ón tsráidbhaile agus d'fhéadfaí teacht air go héasca de shiúl cos.
- Tá atmaisféar tuaithe ag an gceantar ina iomláine agus tá deis ann feabhas a chur ar chroílár an tsráidbhaile. D'fhéadfaí ciumhaiseanna féir a choimeád níos fearr, agus d'fhéadfaí trasrianta coisithe, bearta moillithe tráchta, soilsiú poiblí agus cosáin leanúnacha a chur ar fáil. Chuirfeadh brandáil/léiriú sráidbhaile ar phríomhbhealaí dromlaigh agus ar bhealaí isteach leis an mórtas atá san áit agus chruthódh sé atmaisféar nádúrtha sráidbhaile.

## 4.0 Straitéis Talamhúsáide

### 4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Tá suíomh amháin Uimh. criosaithe d'úsáid chónaithe. Tá an suíomh thart ar 2.1 heic. agus tá sé suite i lár an tsráidbhaile. Níl aon stair phleanála ag an suíomh agus táthar á úsáid faoi láthair do ghnóthaí talmhaíochta.

## 4.2 Geilleagar agus Fostaíocht (miondíol san áireamh)

Tá Baile Mhic Ghormáin mar ionad miondíola Leibhéal 5 in Ordthas miondíola an Chontae. Níl aon áis tráchtála sa sráidbhaile faoi láthair ach amháin teach tábhairne (The Huntsman). Tá an dara teach tábhairne atá suite ar an taobh eile den R132 (The Cock Tavern) dúnta faoi láthair. Níl aon siopa áise sa sráidbhaile agus dhún oifig an phoist tá gairid ó shin. Mar sin féin tá roinnt seirbhísí i Steach Maoilín a bhfuil fáil ag áitritheoirí Bhaile Mhic Gormáin orthu. Tá Teach Altranais Bhaile Mhic Gormáin suite taobh thoir den chlúdach Plean agus tá sé buailte ar an mBóthar Réigiúnach R132.

Tá forbairt a dhéanamh ar chalafort domhain mhara den chéad scoth, chomh maith le hionad lóistíochta agus páirc ghnó i mBaile Mhic Ghormáin chun mol nua eacnamaíochta a bhunú ar an gConair M1 Baile Átha Cliath-Béal Feirste ag staid réamh-fhéidearachta.

Tá Campa Airm Bhaile Mhic Gormáin suite ó thuaidh ón tsráidbhaile. Cuimsíonn an campa míleata sin thart ar 260 acra agus úsáidtear é le haghaidh traenála aeir-talamh agus aeir-chosanta.

## 4.3 Bonneagar

Déanann Scéim Soláthair Uisce na Mí Thoir freastal ar Bhaile Mhic Gormáin agus tá an toilleadh teoranta d'fhorbairt amach anseo. Cuireann ionad Scéim Cóireála Uisce Staleen soláthar uisce ar fáil do Baile Mhic Gormáin, mar sin féin tá an toilleadh teoranta freisin.

## 4.4 Gluaiseacht

Is forbairt líneach atá i mBaile Mhic Gormáin feadh Bhóthar an tSráidbhaile. Tá sé ceangailte le Steach Maoilín trí Bhóthar Bhaile Mhic Gormáin a thrasnaíonn Mótarbhealach an M1 in aice le Acomhal 7 a dhéanann freastal ar an dá lonnaíocht. Buaileann Bóthar an tSráidbhaile leis an mBóthar Réigiúnach an R132 ag teach tábhairne an Huntsman Inn agus tá stad bus poiblí suite anseo ar gach aon taobh den bhóthar.

Tá an tsráidbhaile ceangailte le Campa airm Bhaile Mhic Gormáin trí Lána an Champa agus tá sé ceangailte leis an R132 freisin trí Bhóthar an Mháirtínigh agus Bóthar Dhoibhlin ó dheas. Is cuid de shocrú acomhail céimnithe é Bóthar Dhoibhlin leis an R132 agus déanann géag eile an acomhail seo, “Bóthar an Stáisiúin” freastal ar an stáisiún traenach.

Bíonn leibhéal shuntasacha tráchta ar an R132 a ritheann in aice le clúdach Chreat Forbartha Bhaile Mhic Ghormáin agus a cheanglaíonn Baile Brigín le Droichead Átha agus bíonn baol ann do choisithe a bhíonn ag rochtain an stad bus ar an R132 agus an stáisiún traenach taobh thoir den tsráidbhaile.

Déanann seirbhís bhus 101 de chuid Bhus Éireann freastal ar Bhaile Mhic Gormáin faoi láthair. Ritheann an tseirbhís seo ó lár Chathair Bhaile Átha Cliath go dtí an Stáisiún Bus i nDroichead Átha, trí Shord, Baile Brigín agus Baile Iúiliáin. Déanann an tseirbhís 100 agus 100X a áiríonn rochtain ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ó Dhroichead Átha freastal ar Bhaile Mhic Gormáin freisin. Déanann ceann de Chóistí Mhaitiú an 910 freastal ar an gceantar chomh maith. Déanann Stáisiún Traenach Bhaile Mhic Gormáin atá taobh thoir den tsráidbhaile freastal ar an tsráidbhaile freisin. Déanann seirbhís chomaitéara Baile Átha Cliath - Béal Feirste freastal ar an stáisiún.

## 4.5 An Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

Tá roinnt struchtúir i mBaile Mhic Gormáin atá ináirithe ar an Taifead de Struchtúir Cosanta ceangailte don Phlean agus tá sé mar chuspóir nádúr agus láthair na bhfoirgneamh sin a chaomhnú.

Tógadh Caisleán Bhaile Mhic Gormáin i 1786, ar shuíomh chaisleáin a tógadh i 1372. Táthar ag baint úsáid oideachasúil as an gCaisleán ó na 1950idí mar Choláiste Bhaile Mhic Gormáin.

Grúpa tuamaí pasáiste ar an dá thaobh de bhéal na hAbhann Dealbhna. Baineann saibhreas le ceantar Bhaile Mhic Gormáin maidir le déantúsáin Neoiliteacha ar a n-áirítear tuamaí pasáiste agus go deimhin cinn ó na tréimhsí uile níos deireanaí.

Is cosúil gurbh i Ascaill Chromail a shíneann ó na príomhghheataí go Coláiste Bhaile Mhic Gormáin sa treo soir an bealach a bhí ag dul isteach chuig an gcaisleán ar dtús. Tá sé mar chuspóir ag an bPlean seo an radharc ó Chaisleán Bhaile Mhic Gormáin feadh an bhealaigh seo a chosaint agus a chaomhnú. Caithfidh aon fhorbairt a dhéanfar laistigh den cheantar seo aird a thabhairt ar suíomh agus láthair Ascaill Chromail laistigh den dearadh.

## 4.6 Bonneagar Glas

Tabharfar spreagadh ar spásanna oscailte a sholáthar laistigh de Bhaile Mhic Gormáin mar chuid d'aon fhorbairt nua. Dá ndéanfaí páirc líneach a fhorbairt le hais na hAbhann Dealbhna chuirfeadh sé acmhainn áise luachmhar ar fáil don lucht cónaithe.

## 4.7 Bonneagar Sóisialta

Faoi láthair is iad na háiseanna pobail atá i mBaile Mhic Gormáin ná, séipéal, halla pobail, páirceanna CLG, Páirc Bhaile Mhic Gormáin (brú) agus meánscoil. Tacóidh an Chomhairle le leathnú a chur ar na háiseanna sin mar a theastaíonn chun freastal ar mhuintir an phobail faoi láthair agus ar aon mhéadú a thiocthadh ar dhaonra an cheantair.

## 4.8 Dearadh Uirbeach agus Réimse Poiblí

Éileofar dearadh tógála ar ardchaighdeán do gach cineál forbartha i mBaile Mhic Gormáin. Ba chóir go mbeadh an cur chuige deartha ionadaíoch ar Bhaile Mhic Gormáin mar shráidbhaile tuaithe le leidí ón bhfoirm thógála ón oidhreacht tógtha traidisiúnta agus dúchasach sa cheantar. Ní mór go bhfreagródh tógáil nua do chomhthéacs an láithreáin aonair agus go dtabharfaí aird chúí ar fhorbairt in aice léi. Ba chóir dearaí tí bruachbhaile caighdeánach a sheachaint laistigh de cheantair chónaithe agus cur chuige ar leith a ghlacadh maidir le dearadh tí.

## 5.0 Beartais agus Cuspóirí Forbartha Sráidbhaile

Tá na Beartais agus na Cuspóirí a leagtar amach thíos de bhreis ar na cinn siúd a shonraítear sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun an t-athrá a sheachaint, ní athluaitear Beartais agus Cuspóirí ach amháin má tá ábharthacht ar leith ag baint leo maidir leis an lonnaitheacht. Ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí seo a léamh mar sin in éineacht leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Forbartha in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae.

### Beartas

#### Is é beartas na Comhairle:

**BMG BEA 1** Croílár sráidbhaile Bhaile Mhic Gormáin a chomhdhlúthú agus a chaomhnú, agus fás orgánach a spreagadh a chuirfidh le nádúr agus le struchtúr croílár an tsráidbhaile, agus feabhas a chur ar cháilíocht thimpeallacht tarraingteach thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile.

## Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle:

### Lonnaíocht agus Tithíocht

BMG CUS 1	Feidhmiúchán Chroístraitéis an Phlean Forbartha Contae a dheimhniú, chomh fada agus is féidir é, trína chinntiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Bhaile Iúiliáin mar atá leagtha amach i dTábla 2.10 den Chroístraitéis.
BMG CUS 2	Tacú le forbairt chónaithe ar thalamh nach bhfuil dóthain úsáide á bhaint as agus/nó tailte folmha ar a n-áirítear suímh ‘inlíonta’ agus ‘athfhorbraíochta’ agus í a spreagadh, faoi réir ardchaighdeán deartha agus leagain amach a bheith curtha i gcrích.

### Gluaiseacht

BMG CUS 3	Modh iompair atá níos inbhuanaithe a spreagadh, ar a n-áirítear cosáin choisithe, soilsiú poiblí, agus bearta maolaithe tráchta i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, chun na háiseanna atá sa tsráidbhaile a cheangal.
BMG CUS 4	Féachaint le feabhas a chur ar na ceangail idir sráidbhaile Bhaile Mhic Ghormáin agus an stáisiún traenach trí chonairí/chosáin choisithe nua agus bealaí trasna a chur ar fáil ag príomhláithreacha ar an R132, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.
BMG CUS 5	Bearta maolaithe tráchta éifeachtacha a thabhairt isteach ar feadh príomhbhóthar an tsráidbhaile agus ag na príomhbhealaí isteach agus feabhas a chur ar shábháilteacht choisithe, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.
BMG CUS 6	Féachaint le scáthláin bhus a chur ar fáil i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.

### Sóisialta

BMG CUS 7	Féachaint le feabhas a chur ar úsáidí pobail agus caitheamh aimsire ar mhaithe leis an bpobal, mar is cuí.
BMG CUS 8	Forbairt a dhéanamh ar Pháirc/Shiúlán Líneach Abhann le taobh na hAbhann Dealbhna rud a mbeadh tairbhe ann ag áitritheoirí áitiúla agus ag mic léinn coláiste, faoi réir measúnuithe timpeallachta cuí, agus i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.

### An Oidhreacht Chultúrtha agus Nádúrtha

BMG CUS 9	An clampa suntasach crann atá sa tsráidbhaile mar atá aitheanta sa mhapa criosaithe um talamhúsáid agus atá liostaithe thíos a chosaint agus fáilta suntasacha sceach agus ballaí cloch a choinneáil nuair is féidir é trí iad a ionchorprú isteach in aon leagan amach forbartha sa todhchaí don tsráidbhaile.
-----------	---

1. Crainn i bhfearann Choláiste Bhaile Mhic Gormáin.

2. Crainn ar feadh an bhealaigh a dtugtar Ascaill Chromail air.
3. Crainn agus ceantar coillearnaí ó thuaidh d'Abhainn na Dealbhna.

BMG CUS 10 Radhairc le cothabháil:

1. Radhairc ó Ascaill Chromail siar i dtreo Chaisleán Bhaile Mhic Gormáin.
2. Radhairc ó Chaisleán Bhaile Mhic Gormáin soir ar feadh Ascaill Chromail i dtreo na farraige.

### Dearadh Uirbeach & Réimse Poiblí

BMG CUS 11 Ardchaighdeán deartha tógála a chinntiú a bheadh ionadaíoch ar Bhaile Mhic Gormáin mar shráidbhaile tuaithe agus le leidí ón bhfoirm thógála ón oidhreacht tógtha traidisiúnta agus dúchasach sa cheantar. Ní mór go bhfreagródh tógáil nua do chomhthéacs an láithreáin aonair agus go dtabharfaí aird chuí ar fhorbairt in aice léi.

BMG CUS 12 Féachaint le feabhas a chur ar an bpríomhbhealach isteach in aice le teach tábhairne Gibney's ar a n-áirítear: tírdhreachú, ealaín phoiblí, láthair don phobal le teacht le chéile, comharthaíocht eolais etc. a chabhródh le bealach isteach/croílár an tsráidbhaile a shainiú, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha.

BMG CUS 13 Féachaint le feabhas a chur ar láithreachas an tsráidbhaile feadh an phríomhdhromlaigh agus ag na pointí isteach le comharthaíocht ar ardchaighdeán, ealaín phoiblí agus soilsiú a bheadh ar chaighdeán de chineál sráidbhaile a shocrú suas.

BMG CUS 14 Féachaint le feabhas a chur ar chosáin choisithe agus ar chiumhaiseanna féir atá ann agus crainn agus fála sceach atá ann a chothabháil chun dealramh comhsheasmhach a choimeád ar fud an tsráidbhaile.